# Cartlannaí

(Coimeádaí Cúnta Grád II)

An Roinn Clárúcháin

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun post mar **Chartlannaí (Coimeádaí Cúnta Grád II)** a líonadh in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Ealaíona Maisiúla & Stair, Dún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7. Post buan lánaimseartha é seo. Líonfar an post seo tar éis agallamh iomaíoch.

**Gearrchuntas ar an bpost:**

Beidh an Cartlannaí freagrach as cúram agus cothabháil na dtaifead atá i seilbh NMI ag a cheithre shuíomh lena n-áirítear suirbhéireacht, moltaí a dhéanamh maidir le taifid den sórt sin a stóráil, a chatalógú, a chaomhnú nó a dhiúscairt, obair a dhéanamh ar shocrú agus tuairisc na gcartlann agus ar rochtain ar chartlanna a sholáthar.

## TREORACHA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH

Ní mór an t-iarratas a dhéanamh sa roinn folúntas de shuíomh gréasáin an Ard-Mhúsaeim: https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Iarrtar ar iarratasóirí foirm iarratais a líonadh isteach agus CV suas chun dáta agus litir chlúdaigh a chur isteach leis. Caithfear gach ceist ar an bhfoirm iarratais a fhreagairt agus iad a chlóscríobh. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa.

**Iarraimid ort gach ceann de na trí dhoiciméad a chomhcheangal agus a chur isteach i bhfoirm PDF amháin**

Mura ndéantar, féachfar air mar iarratas neamhiomlán agus ní chuirfear san áireamh é.

Tosaigh an próiseas iarratais ar ár leathanach Vacancies.

Na Céimeanna chun Iarratas a Dhéanamh:

- Gabh chuig an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post ar mian leat cur isteach air.
- Léigh sonraí iomlána an phoist sa Leabhrán Eolais.
- Feicfidh tú na doiciméid atá riachtanach do d'iarratas i bhfoirm nasc ar an leathanach seo.
- Cliceáil gach doiciméad agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach doiciméad a íoslódáil/a shábháil ar do ríomhaire/ar do ghléas.

- Líon isteach na doiciméid riachtanacha, agus déan PDF amháin de na doiciméid, do CV agus do litir chumhdaigh.
- Agus é sin déanta, fill ar shuíomh gréasáin an Ard-Mhúsaeim agus críochnaigh an próiseas iarratais.
- Arís, ón leathanach Folúntais roghnaigh an post is mian leat cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Apply Now.**
- Líon isteach an fhoirm.
- Uaslódáil do PDF aonair cumasctha.
- Líon isteach an tseiceáil CAPTCHA agus cliceáil ar **Submit Your Application.**

Iarrtar ort **seoladh riomhphoist bailí monatóirithe** a thabhairt ar an bhfoirm iarratais. Úsáidfear an seoladh chun fáil an iarratais a admháil leat agus mar an príomhfhoirm teagmhála a bheidh againn le hiarratasóirí.

**Spriocdháta na nIarratas**

## Ní mór iarratais a bheith faighte ar a cúig a chlog tráthnóna Dé hAoine 7 Eanáir 2022.

**Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.** Cloifear go docht leis an dáta agus an am deiridh, agus mar sin is faoin iarratasóír a bheidh sé a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas sula mbeidh an t-am istigh.